Polasaí Soláthair Ógras 2023

Sa chaipéis seo, leagtar amach na céimeanna atá le leanúint agus próiseas cuí iomaíoch a reáchtáil de réir rialacha an AE agus rialacha naisiúnta. Tá an polasaí seo ag teacht leis na treoirlínte atá leagtha amach in *Public Procurement- 1994 Edition* agus leis na treoirlínte athbhreithnithe a dhréachtaigh an tAonad um Polasaí Naisiúnta Soláthair Phoiblí, sa Roinn Airgeadais, i gcomhairliúchán leis an Choiste Rialtais agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh soláthair phoiblí.

Tuigimid go bhfuil sé iontach tábhachtach feidhm an tsolatháir phoiblí a chur i gcrích go hionraic, go cothrom agus sa dóigh go bhfaighfear an luach is fearr ar airgeadpoiblí. Beidh cleachtais chothroma, oscailte in úsáid i gcónaí againn – córas tairiscintí iomaíocha san aíreamh - agus conarthaí á mbronnadh mar chuid d'obair na heagraíochta.

Deanfaidh Oifigeach Forbartha nó an tOifigeach Cléireachais na bun fhiosruithe agus gheobhaidh siad meastacháin a bheidh le haontú ansin leis an Stiurthóir. Cuirfear an Bord Stiúrtha ar an eolas faoi mheastacháin atá níos mó na €5,000 /£4,500 agus tabharfaidh an Bord cuidiú don Stiurthóir an cinneadh deiridh adhéanamh.

Is iad na gnáthaimh sholáthair seo a leanas (nó a gcomhionann) a bheidh i bhfeidhm, ag brath ar luach measta an chonartha (CBL san aíreamh) ag an chéim réamh thairisceana. Léireoimid go bhfuil an luach is fearr ar airgead a fháil i gcónaí agus coinneoimid taifid a sheasfaidh leis na cinntí a dhéanfaimid. Deanfar de réir na ngnáthamh seo a leanas i ngach cas.

Luach Measta	An Gníomh Tairisceana atá le Déanamh
Faoi €500 / £450	Níl aon mheastachán de dhith.
€501/£451suas go €1000/£850	Meastachán aonair ó bhéal
€1,001/€851 suas go €5,000 / £4,500	Ar a laghad tri mheastachán ó bhéal le ríomhphost ag deimhniú an méid a bhí luaite
€5,001 / £4501 suas go €15,000 / £13,000	Ar a laghad tri mheastachán scríofa, bunaithe ar shonraíocht shoiléir scríofa ar a bhfuil ag teastáil
€15,001 / £13,001 suas go €50,000 / £45,000	Cuirfear cuireadh amach chun ar a laghad tri thairiscint fhoirmiúla iomaíocha, de ghnáth, a fháil.
€50,001 / €45,001 agus os a chionn	Cuirfear cuireadh amach chun idir ceithre agus sécinn de thairiscintí iomaíocha, de ghnáth, a fháil.

Sínú: Maedhbh ni Dhonnall

Stiúrthóir Ógras

Dáta: 17 Eanáir 2023